2024/2921

26.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2921 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2024

lena leagtar síos riail maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tásc geografach a chlárú i gclár an Aontais um thásca geografacha ('Nougat de Montélimar' (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50, mír 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), an t-iarratas a chuir an Fhrainc ar aghaidh ar chlárú an táisc gheografaigh 'Nougat de Montélimar', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, rinneadh é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90(2) den Rialachán sin,

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an tásc geografach 'Nougat de Montélimar' a chlárú i gclár an Aontais um thásca geografacha,

(4) I litir a fuarthas an 22.9.2023, chuir údaráis na Fraince an Coimisiún ar an eolas go ndearna an chuideachta Bargues Agro-Industrie, 7 Courtès – 46340 Lavercantière (SIRET: 338 615 958 00018) a bhí bunaithe ina gcríoch, taobh amuigh den limistéar geografach lena mbaineann, táirge a chur ar an margadh go dleathach faoi na tuairiscí trádála 'Pâte de nougat Montelimar'/'Montelimar nougat paste'/'patanouga Montelimar', ina bhfuil eithneagán nár chomhlíon an tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin, agus na tuairiscí sin á n-úsáid go leanúnach ar feadh níos mó ná 5 bliana, agus gur ardaíodh an pointe sin sna himeachtaí náisiúnta freasúra.

(5) Ós rud é go gcomhlíonann Bargues Agro-Industrie na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20, mír 1 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme freisin maidir leis an iarratas ar chlárú de bhun Airteagal 90, mír 2 den Rialachán sin, chun tairbhiú d'idirthréimhse chun an tuairisc trádála a úsáid go dleathach tar éis a cláraithe, ba cheart idirthréimhse 5 bliana a dheonú chun go mbeidh sé in ann na tuairiscí 'Pâte de nougat Montélimar'/ 'Montelimar nougat paste'/'patanouga Montélimar' a úsáid,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an tásc geografach 'Nougat de Montélimar' (TGFC) a chlárú i gclár an Aontais um thásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).
([3]) IO C, C/2024/4138, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4138/oj.

Airteagal 2

Ceadaítear don chuideachta Bargues Agro-Industrie, 7 Courtès – 46340 Lavercantière (SIRET : 338 615 958 00018) leanúint d'úsáid na dtuairiscí 'Pâte de nougat Montélimar'/ 'Montelimar nougat paste'/'patanouga Montélimar' le linn idirthréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún